RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/749 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Feabhra 2022

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2417 a mhéid a bhaineann leis an aistriú chuig tagarmharcanna nua dá dtagraítear i gconarthaí díorthach áirithe thar an gcuntar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2417 ón gCoimisiún ([2]), i measc nithe eile, na cineálacha díorthach thar an gcuntar a ainmnítear in EURO (EUR), sa Phunt Steirling (GBP) agus i nDollar na Stát Aontaithe (USD) atá faoi réir na hoibleagáide díorthach trádála dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Na haicmí a ainmnítear in GBP agus USD, tagraíonn siad do thagarmharcanna Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan (LIBOR).

(2) D'fhógair ICE Benchmark Administration (IBA), atá ina riarthóir do LIBOR, go scoirfear de shocruithe GCP agus JPY LIBOR a fhoilsiú ag deireadh 2021, de bhrí go scoirfear de shocruithe áirithe USD LIBOR a fhoilsiú i mí Meitheamh 2023. An 5 Márta 2021, dheimhnigh Údarás um Iompar Airgeadais na Ríochta Aontaithe go scoirfear de sholáthar aibíochtaí uile LIBOR ó aon riarthóir nó nach mbeidh na haibíochtaí ionadaíoch a thuilleadh. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach ina cháil mhaoirseachta baincéireachta (Maoirseacht Baincéireachta BCE), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (UBÉ) agus an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ráiteas comhpháirteach a eisiúint chun contrapháirtithe a spreagadh go láidir chun scor de haon cheann de haibíochtaí LIBOR a úsáid, lena n-áirítear LIBOR USD, mar ráta tagartha sna conarthaí nua a luaithe is indéanta agus faoin 31 Nollaig 2021 in aon chás.

(3) Tar éis an 31 Nollaig 2021, ní bheidh contrapháirtithe in ann conarthaí dhíorthaigh ráta úis thar an gcuntar a dhéanamh a thuilleadh lena ndéantar tagairt do LIBOR GBP toisc go mbeidh deireadh tagtha leis an tagarmharc sin agus meastar nach ndéanfaidh siad conarthaí ráta úis díorthach thar an gcuntar lena ndéantar tagairt do LIBOR USD. Mar thoradh air sin, meastar nach ann do na méideanna a thrádáiltear atá fágtha sna díorthaigh sin nó go bhfuil siad an-íseal, faoi mar atá leachtacht na ndíorthach. Is amhlaidh atá maidir le méid na dtrádálacha sna díorthaigh sin a n-imréiteofar le contrapháirtithe lárnacha (CPLanna) nó a dtrádálfar ar ionaid trádála agus meastar go mbeidh méid agus leachtacht atá ag laghdú i gceist do dhíorthaigh ina dtagraítear do LIBOR USD. Is gá, de bharr na n-imeachtaí sin, go n-athrófar an oibleagáid imréitigh agus go ndéanfar leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún ([3]) ina dhiaidh sin. Faoin leasú sin, beidh díorthaigh ina dtagraítear do LIBOR GBP agus LIBOR USD le baint ó raon feidhme na hoibleagáide imréitigh. Dá bharr sin, na haicmí díorthach atá faoi raon feidhme na hoibleagáide trádála díorthach faoi láthair a thagraíonn do LIBOR GBP nó do LIBOR USD, ní chomhlíonfaidh siad an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le díorthaigh a chur faoi réir na hoibleagáide trádála díorthach ón 3 Eanáir 2022. Ní mór, dá bhrí sin, na haicmí díorthach sin a bhaint ó raon feidhme na hoibleagáide trádála.

([1]) IO L 173, 12.6.2014, lch. 84.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2417 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí in ionstraimí airgeadais maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide trádála i gcás díorthaigh áirithe (IO L 343, 22.12.2017, lch. 48).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2205 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na hoibleagáide imréitigh (IO L 314, 1.12.2015, lch. 13).

(4) Ós rud é go bhfuil sé beartaithe LIBOR GBP a scor ag deireadh 2021, agus go léirítear in ionchais rialála a chuir an Coimisiún, Maoirseacht Baincéireachta BCE, ESMA agus ÚBE in iúl go n-éireoidh contrapháirtithe as aibíochtaí LIBOR a úsáid mar ráta tagartha i gconarthaí nua a luaithe is indéanta agus faoin 31 Nollaig 2021 in aon chás, meastar go n-imeofar go pras ó dhíorthaigh ráta úis atá bunaithe ar LIBOR. Ina ionad sin, tar éis an 31 Nollaig 2021, meastar go dtrádálfaidh contrapháirtithe díorthaigh ráta úis thar an gcuntar eile nó iad a imréiteach, go háirithe díorthaigh ráta úis thar an gcuntar, lena dtagraítear do rátaí saor ó riosca do GBP nó USD. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm gan mhoill tar éis a fhoilsithe.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2417 a leasú dá réir sin.

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(7) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ESMA maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2417

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2417, scriostar Táblaí 2 agus 3.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).